Plean Straitéise CNED

2008 | 2012

Cruth nua a chur ar an Institiúid Ealaíne agus Deartha don 21ú Aois.

nst the reedy shore,
sang her first and last.
sang no more.
well, all joys!
ath come close mine eyes.
Geese then Swans now live,

Clár na Leathanach

2	Réamhfhocal an Stiúrthóra
4	Brollach
7	An Comhthéacs Inmheánach
9	An Comhthéacs Seachtrach
10	Saincheisteanna Lárnacha chun gach Foláireamh, istigh agus amuigh, a thabhairt le chéile
13	Forbairt na Straitéise
17	Misean CNED
19	Aidhmeanna Straitéiseacha CNED
39	Córais agus Acmhainní na hEagraíochta
52	Nótaí

Réamhfhocal

Tá iontaoibh nua chultúrtha cruthaithe sa tír anois mar tá an t-aitheantas cóir tugtha do pháirt dhinimiciúil na n-ealaíon i saol na hÉireann le blianta anuas. Tá ról an-tábhachtach tógtha ag CNED agus ag céimithe an choláiste sa tiontú nua seo. Tá CNED mar choláiste ealaíne agus deartha ó 1746 i leith agus d'éirigh léi í féin a chruthú as an nua arís is arís eile le linn deacrachtaí san am atá caite, chun súil úr a chaitheamh ar an misean ar an neart agus ar fhuinneamh na foirne a bhí aici. Sin í an chúis gur fhág an coláiste seo tionchar chomh domhain sin ar chultúr na hÉireann sa ré seo.

Is éard atá anseo na an chéad Phlean Straitéise a rinne an Coláiste agus is toradh é ar na tionscnaimh éagsúla a leagadh amach sa scéim Forbairt na Straitéise. Ghlac an Bord leis i Mí Mheithimh 2008. Is doiciméad oibre é seo chun eolas an bhealaigh a thabhairt dúinn sna blianta atá romhainn agus sinn ag cruthú modúil nua foghlama agus comhoibrithe agus ag taiscéaladh an chomhéadain idir na disciplíní difriúla. Mar a bhí riamh, is ró-mhian linn scoláirí a chur amach mar shaoránaigh muiníneacha, cruthaitheacha, daoine le scileanna agus le bealaí chun smaointe a chuirfidh ar a gcumas páirt cheannasach a ghlacadh san ealaín, sa dearadh, sa taighde agus san oideachas.

Tá an Bord an-bhuíoch as tiomantas na foirne a ghlac páirt dhíograiseach sna próisis éagsúla le blianta anuas agus is ró-mhór linn a leithéid. Is éard a bhí mar thoradh ar na próisis sin ná na hagallaimh a eagraíodh ar fud an choláiste i mbliana, agus is as na hagallaimh céanna a chuireadh an fotha sios don Phlean Straitéise seo.

Is dóigh linn go mbainfidh lucht an choláiste seo, na cleachtóirí gradamacha, idir oideachasóirí agus taighdeoirí, sásamh mór as an ndúshlán atá rompu chun aontú le chéile agus an plean seo a chur i bhfeidhm ina iomláine. Is é seo a thugann an misneach agus an dóchas dúinn go bhfuil an sean-Choláiste seo againne ag tabhairt aghaidh ar thréimhse fhíor-thábhachtach ina saol.

Agus anois, agus sinn réidh chun páirt níos bríomhaire agus níos sofheicthe fós a imirt sa tír seo agus sa phríomhchathair seo, ba mhaith linn admháil a dhéanamh ar an spreagadh, an t-am agus na hacmhainní atá faighte chomh flaithiúil sin againn ó chomhaltaí an Bhoird. Murab é sin ní bhfaighfí plean mar seo a chur le chéile chor ar bith. Tá muid ar fad faoi chomaoin ag Susan Coughlan, ag Liz Hayes agus a gcomhghleacaithe uile i gComhairleacht an Phobail Chorparáidigh as an éascú a rinneadar ar an agallamh agus ar an ndíospóireacht idir na dámha, mar is é sin a thug chun solais na saincheisteanna atá i gcroílár an Phlean seo. Ní bhfaighfí beart a dhéanamh gan iad, chun eolas a dhéanamh tri gach rún agus gach uaillmhian atá againn don Choláiste seo agus chun amharc a fháil ar riachtanais na h-institiúide san aonú aois is fiche.

An Dochtúir Joe Mulholland
Cathaoirleach an Bhoird

An tOllamh Colm Ó Briain
Stiúrthóir


CNED
An
Brollach

CNED — seo an t-aon choláiste neamhspleách, aon-ábhar, ealaíne is deartha atá fágtha in Éirinn inniu (tá an chuid eile go léir imithe isteach faoi sciatháin na bhForas Teicneolaíochta). Tá an raon is leithne sa stát de chúrsaí creidiúnaithe tríú leibhéil san ealaín agus sa dearadh ar thairiscint, lán- agus páirtaimseartha, sa choláiste. I rith na 262 bliain atá caite aici, thairg CNED an raon is iomláine sa tír de chúrsaí speisialtachta in ealaín agus i ndearadh. Gach bliain i ndiaidh a chéile, déanann CNED 860 scoláire lánaimseartha a theagasc ar chláir creidiúna/iniúchta, maille le 1,000 scoláire páirtaimseartha; leanann 110 díobh sin bealach an mheasúnaithe.

CNED — fostaíonn an coláiste 76 léachtóir tionachta agus is cleachtóirí gníomhacha agus is smaointeoirí criticiúla a bhformhór, daoine a bhfuil clú orthu, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá cáilíochtaí MA agus PhD ag mórchuid acu. D'éirigh thar barr le CNED chun fasach agus éifeacht na healaíne cruthaithí agus na taighde a bhunú sna meáin agus tá comhoibriú spreagúil ar siúl againn le hinstitiúidí ealaíne agus dearaidh eile san obair seo.

CNED — fostaíonn an coláiste foireann mhór de léachtóirí páirtaimseartha ó chian agus ó chóngar, daoine a bhfuil saineolas speisialta in ábhair riachtanacha acu, rud a shaibhríonn eispéireas foghlama na scoláirí.

CNED — tá suíomh iontach oidhreachta ag an gcoláiste seo faoi láthair i Sráid Thomáis sna Saoirsí i mBaile Átha Cliath. Tá an coláiste an-ghairid agus i dteagmháil leis an Mol Digiteach, le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann i nDún Uí Choileáin. Freisin, tá an Coláiste an-ghníomhach sa Tionscadal Athghiniúna sna Saoirsí

CNED — tá naisc gníomhacha ag an gcoláiste le cuid mhór institiúidí agus le comhlachtaí, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá clár oibre ERASMAS agus clár LEONARDO an-neartmhar againn, agus tá naisc ag an gcoláiste le tionscail ealaíne agus dearaidh ag dul i dtreise agus i dtábhacht i gcónaí.

Comhthéacs Inmheánach

I fearr is féidir luachanna agus prionsabail na eagraíochta a thuiscint má dheighealtar amach ón ngnáth-chleachtas iad.

Gné bhunaigh amháin de mhodh oibre CNED is ea cúrsaí staidéir a dhearadh agus a thairiscint a chothaíonn an fhoghlaim dhisciplín-bhunaithe in ionad cúrsaí a sholáthar a fhreastalaíonn ar éilimh nó ar riachtanais gearr-théarmacha.

Leis an gcur chuige seo caomhnaítear an dinimic atá riachtanach idir fothaí agus bunús na healaíne agus an dearaidh (a bhfaigheann an fuinneamh is láidre ó scileanna agus ó phróisis na ceirde, cosúil le fíodóireacht, líníocht, clódóireacht litir-phreasa, teilgean cré-umha agus déantús gloine) agus na héilimh a thagann ó chleachtais na ré seo atá ag forbairt (agus arna dtiomáint ag smaointe coincheapúla, ag fealsúnacht, ag eolas ar chultúr radharcach, ag próisis cruthaitheacha na teicneolaíochta agus ag feidhmeanna gairmiúla sa tionscal).

Tig linn éiteas agus foláirimh an choláiste i leith an oideachais a chur i gcéill mar a leanas:

- Scoláirí a thumadh go hiomlán i mbunús an eolais ar chleachtas an chultúir radharcaigh
- Béim a chur ar chumas gach scoláire chun súlealaín radharcach uathúil, cruthaitheach a fhorbairt agus a léiriú.

An rún a bheith againn go mbeidh gach scoláire:

- Ina rannpháirtí ceisteach i gcleachtas an chultúir radharcaigh.
- Ina cheannródaí agus ina rannpháirtí i gcruthú an chultúir radharcaigh.
- Ina réiteoir cruthaitheach ar fhadhbanna agus ar smaointe coincheapúla.
- Ina chleachtóir machnamhach, ag foghlaim de shíor, i dtiúin le cleachtas agus le comhthéacs na hoibre agus ag cur le sai bhreas an chultúir agus na sochaí ag an am gcéanna

An gealltanas chun tacú le spéis agus le foghlaim na scoláirí os cionn na dteorannacha traidisiúnta agus cumas a thabhairt dóibh chun cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh ar leibhéil éagsúla sa saol sóisialta, acadúil agus tionsclaíoch. An rún go dtuigeann na scoláirí go bhfuil páirt bhríoch lán-neartmhar le glacadh acu sa saol mór sóisialta, cultúrtha, polaitiúil agus eacnamaíoch.

Sa saol atá ann inniu ní ag CNED amháin atá uaillmhianta den chineál sin agus dá bhrí sin tá an coláiste ag iarraidh an ról ceannais atá aici mar lárionad taighde in ealaín agus i ndearadh a fhorbairt. Baineann oll-bhéim na taighde le dian-staidéar ar an ngaol idir an teagasc, an taighde agus an cleachtas.

Bíonn an cur chuige faoi leith atá ag CNED i leith na foghlama agus an teagaisc ag iarraidh scrúdú domhain fiúntach a dhéanamh ar na teannais agus ar na sineirgí a fhásann idir na torthaí fóntaíocha agus an luach aiceanta a bhaineann le heispéireas na healaíne agus an dearaidh agus thairis sin ar an leas a bhaintear as sa saol i gcoitinne.

Comhthéacs Seachtrach

Tá dúshlán ag teacht ó pholasaí an Rialtais agus ó imshaol an mhaoinithe (atá ag éirí níos iomaíche ná riamh) maidir leis an tslí a dhéanann an coláiste an t-oideachas a sholáthar, bunaithe ar an prionsabail oibre seo.

De bhreis ar an ndúshlán a bhaineann le bainistíocht ar riachtanais oideachasúla inmheánacha, tá CNED ag gabháil seilbh ar riachtanais úra as cleachtais leathana oideachais agus ag obair go dian chun iad seo a chuir in oiriúint don fhealsúnacht oideachais agus na modh-eolaíochtaí atá againn féin. Dá thoradh sin tá an soláthar ag athrú ar leibhéal na céime – agus níos sonraí fós ar leibhéal na hiarchéime.

Is iad seo a leanas foláirimh an pholasaí oideachais in Éirinn:

- So-ghluaiseacht
- Struchtúir modúlacha
- Bealaí chun dul chun cinn
- Breis oibre idir disciplíní
- Modh-eolaíochtaí foghlama agus teagaisc
- Rochtain, foghlaim sholúbtha agus bealaí chun dul chun cinn go páirtaimseartha
- Torthaí ar fhoghlaim, nua-uirlisí measúnaithe agus ailíniú cabhrach
- Comhar le forais eile
- Oideachas agus taighde ar an gceathrú leibhéal
- Nua-struchtúrú cúrsaí staidéir, mar fhreagairt ar phróiseas Bologna
- Feabhsú cáilíochta
- Foghlaim ar feadh saoil[1]

[1] Tagraíonn seo do Pháipéar Bán an Rialtais ar Oideachas d'Aosaigh a foilsíodh sa bhliain 2000.

Saincheisteanna Lárnacha chun gach Foláireamh,istigh agus amuigh, a thabhairt le chéile

Is iad seo na saincheisteanna lárnacha chun foláireamh istigh agus amuigh a thabhairt le chéile:

- Friotal a chur le chomh-theanga agus le prionsabail oibre.
- Cláir oibre d'iarchéimithe a fhorbairt agus scoláirí a earcú.
- An gá le cothromaíocht nua i soláthar na n-acmhainní i gcás lucht céime agus iarchéime.
- An úsáid is fearr a bhaint, ar bhonn straitéiseach, as an spás oibre, trí in-
f fheistíocht a roinnt agus a dhaingniú agus trí fhoirgníocht nua-thógtha.
- An gá atá le foghlaim agus modheolaíochtaí teagaisc a chur faoi anailís chriticiúil, faoi fhráma nua agus faoi chothromaíocht nua d'fhonn forbairt na gclár agus na taighde a éascú.
- Adhradh do pholasaí acadúil agus oid-eolaíoch, bunaithe ar spás agus acmhainní a roinnt.
- An cleachtas acadúil a fhorbairt go gairmiúil.
- Gluaiseacht inmheánach sa bhfoireann idir na róil, na feidhmeanna agus na cineálacha conartha.
- Struchtúir tacaíochta don fhoireann chun cuidiú le páirtíocht agus le plé i bhforbairt an oideachais agus na heagraíochta.
- An úsáid is fearr a bhaint as an spás atá ann ar bhonn straitéiseach trí infheistíocht a roinnt agus a dhaingniú agus trí fhoirgníocht nua-thógtha.
- Forbairt na ceannasaíochta le béim ar fhorbairt na chomh-cheannasaíochta.
- An gá atá le luach an fheabhsaithe cháilíochta agus luach na taighde institiúidí mar uirlis forbartha straitéisí a thuiscint go soiléir.

San imshaol ard-oideachais faoi láthair tá an bhéim ar thorthaí na foghlama agus ar thaighde iarchéime. Éilítear as seo go ndéanfaí for-leathnú ar mhodúl an chleachtóra san oideachas, chun taighde agus machnaimh a chur san áireamh ar bhealach ní b'fhollasaí ná riamh. Ag an am gcéanna caithfear an chothroime chóir cheart a choimeád idir an fhorbairt agus an iomad den rialú.

I measc na ndúshlán atá ag CNED sa bhealach ar dhul sa treo seo tá cothroime na béime ar an gclár oibre bun-chéime agus na cláir ama de dhlúth-theagaisc atá taobh thiar de. Cé go bhfuil nádúr speisialta an oideachais sa choláiste seo ag brath ar mhodh-eolaíochtaí den chineál seo, dian ar am agus ar acmhainní, tá sé aitheanta coi-tianta anois go gcaithfear, le linn clár oibre a cheapadh don phlean straitéise, athbhreithniú a dhéanamh ar na cúrsaí staidéir atá ar thairiscint, mar aon le hanailís a dhéanamh ar na modhanna teagaisc agus ar na riachta-nais spáis.

Is éard atá de dhíth ná cur síos ní ba chruinne agus ní ba shoiléire ar chleachtas comhaimseartha an teagaisc in oideachas na healaíne agus an dearaidh. Ní mór a lé-iriú conas a nascann seo le cleachtas ceart na foghlama agus na múinteoireachta, mar aon le measúnú ar an rannpháirt uathúil atá ag an ealaín agus ag an dearadh i réimse leathan an oideachais tríú leibhéil agus ceathrú leibhéil in Éirinn. Is í na fhoireann an acmhainn is láidre atá againn chun na cuspóirí seo a chur i gcrích agus ní mór tacaíocht a thabhairt dóibh chun tabhairt faoi na hathruithe seo, agus a gcuid eolais a chur i bhfriotal agus in urlabhra chugainn.

Bíodh go bhfuil ról ar an dara leibhéal ag CNED ag oiliúint oideachasóirí ealaíne, ní mór don choláiste mach-namh a dhéanamh faoin gcaoi a d'fhéadfaí tógáil ar an gcumas sin chun tacaíocht a thabhairt don chleachtas acadúil i gcomhthéacs na healaíne agus an dearaidh ar an dtríú leibhéal.

Tá gá le gluaiseacht foirne idir na róil, na feidhmeanna agus na cineálacha conarthaí chun tabhairt faoi na dúshláin seo.

Ní foláir cúltaca a thabhairt sa mhéid seo uile trí ta-caíocht thiomanta a thabhairt do chomhpháirtíocht, d'agallaimh agus do cheannasaíocht na foirne agus iad i ngleic leis na ceisteanna fíor-chasta seo. Níor mhór fóraim a bhunú ag freagairt dá chéile, chomh maith le foirne taighde agus meithleacha oibre ionas go bhfaigh-eadh an fhoireann an comhrá is gá a dhéanamh chun réiteach na bhfadhbanna seo a fháil.

Is gá don fhoireann uile breithniú orthu féin mar cheannródaithe agus comhchumadóirí den fhreagra a thabharfaidh CNED ar chlár mór seo an athraithe. Ní mór aitheantas agus tacaíocht faoi leith a thabhairt don ról atá ag na Cinn Dáimhe mar cheannasaithe acadúla ar an gcoláiste.

Ag Forbairt na Straitéise

Chruthaíodh CNED ag Dealbhú na hInstitiúide Ealaíne agus Deartha – 2008 – 2012 i gcomhthéacs na pleanála leanúnaí a rinneadh laistigh de CNED. Is iad seo a leanas na doiciméid straitéiseacha is dlúithe a bhaineann le forbairt na straitéise seo:

Dearbhú Cáilíochta agus an próiseas Feidhmiúcháin go dtí an dáta seo (2004/2008)

Próiseas agallaimh ar fud an Choláiste arna thacú ag Pobal Corparáideach (2008)

Páipéar um Sheasamh Straitéiseach an Choláiste Márta (2007)

Straitéis Thaighde CNED 2007 – 2011 (2007)

Dréacht-Phlean Straitéiseach CNED (Neamhfhoilsithe, 2005)

Próiseas Comhchomhairle Todhchaíochta (2003 – 2004)

Curaclam na Comhairle Acadúla – Ag Freagairt d'Athruithe Lasmuigh (2003)

Plean Forbartha Campais CNED (2001)

Faoi scóip an dearaidh den phróiseas pleanála straitéise seo, aithníodh go raibh trí chéim ar leith ann, ach go rabhadar chomhcheangailte:

Eanáir 2008 – Lúnasa 2008: Comhchomhairle ar fud an Choláiste, forbairt cheannasaíochta leis na Cinn Dáimhe agus cruthú an phlean straitéise ar chomh-úinéireacht.

Meán Fómhair 2008 – Márta 2009: Ag bainistiú an aistrithe chuig Stiúrthóir nua agus chuig Bord nua, leanúint de chomhchomhairle leanúnach agus de phlean feidhmiúcháin a fhorbairt.

Meán Fómhair 2008 – Meitheamh 2012: Céim Feidhmiúcháin an phlean.

Thug cruthú an phlean seo deis don fhoireann go léir sa choláiste páirt a ghlacadh i ndíospóireacht agus in agallamh sár-riachtanach. D'éascaigh sé rannpháirtíocht na foirne chun na frámaíochta iomchuí a chruthú, d'fhonn nuálaíocht, nua-smaoineamh agus athnuachan a thacú ar gach leibhéal sa choláiste.

Tá an plean straitéise seo an-uaillmhianach don todhchaí sa Choláiste. Tá mar aidhm ann tógáil a déanamh ar an mear-fhorbairt a tharla i gcaitheamh na gcúig mbliana atá caite agus cuidiú le CNED chun clár láidir, éifeachtach athruithe a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na gcúig mblian atá romhainn. Is céim dhinimiciúil, bhríomhar, dhúshlánach atá romhainn i stair CNED, stair 263 bliain ar fad, de réir mar a bheidh an Coláiste ag cuir nua-thionsnaimh i bhfeidhm agus ag daingniú gach beart is gá chun oideachais den scoth san ealaín agus sa dearadh a sholáthar sa 21ú aois.

Ealaíontóirí
agus
Dearthóirí
AGUS
CNED
BAILE ÁTHA CLIATH
AG
SMAINEAMH

AG FOGHLAIM

le Chéile

IN

CNED Baile Átha Cliath.
Ealaíontóirí agus Dearthóirí
ag Smaoineamh agus ag Foghlaim
le Chéile in Éirinn.

Misean CNED

2008 agus an ród atá romhainn...

Is é CNED an príomh-fhoras ealaíne agus deartha in Éirinn. Tugtar tacaíocht do scoláirí, d'ealaíontóirí agus do dhearthóirí chun bealaí nua smaointe agus oibre a thaighde.

Tá clú agus cáil ar CNED i gcéin agus i gcóngar agus is fórsa deifnídeach i gcultúr Éireannach na linne seo é. Tá an Coláiste chun tosaigh sa saol poiblí le ceangail sóisialta ar fud na tíre.

Misean CNED

Is é an misean tá ag CNED ná ceannasaíocht a dhéanamh ar fhorbairt na healaíne agus an dearaidh radharcaigh in Éirinn.

Tugann **CNED** ealaíontóirí, dearthóirí, oideachasóirí, taighdeoirí agus foglaimeoirí/scoláirí le chéile.

Coimeádann **CNED** na ealaíona agus an dearadh radharcach ar cheann tosaíochta i sochaí an eolais.

Cuireann **CNED** na súl-ealaíona agus an dearadh chun cinn in Éireann agus thar lear, trí comhoibriú agus trí comhpháirtíocht le tionsclaíocht, le rialtais agus le forais eile oideachais.

Ceannródaí is ea **CNED** ag scrúdú an ghaoil atá idir cleachtas na healaíne agus an dearaidh, idir an polasaí, an taighde, an fhoghlaim agus an teagasc.

Cothaíonn **CNED** foghlaim agus teagasc den scoth ar gach leibhéal.

Forbraíonn **CNED** bealaí solúbtha i gcomhair chách chun teacht ar oideachas creidiúnaithe, lán-agus páirtaimseartha san ealaín agus sa dearadh.



Aidhmeanna Straitéiseacha

1		Ag Feabhsú Bealaí Foghlama na Scoláirí
2		Ag Díriú ar an Fhoghlaim
3		Róil agus Freagrachtaí
	A	Idirdhisciplíneacht: Comhoibriú
	B	Forbairt na Foirne
	C	Taighde agus Staidéar Iarchéime
4		Forbairt Imshaoil na Foghlama
5		Nascadh agus Comhaontais
6		Féiniúlacht na hEarnála Ealaíne agus Deartha

1

Déanann muid rochtain sholúbtha a sholáthar do scoláirí, ar leibhéal na céime agus na hiarchéime:

- Láithreán Gréasáin
- Foilseacháin [2]
- Margaíocht

Déanann muid bealaí solúbtha a chur ar fáil i gcomhair foghlama páirtaimseartha agus lánaimseartha agus i gcomhair forbartha leanúnaí gairmiúla.

Déanann muid scoláirí idirnáisiúnta a earcú.

Déanann muid deiseanna foghlama a sholáthar in iliomad láthair (cur i gcás, an pobal, sláinte, príosúin, agus comhlachtaí gairmiúla).

Déanann mui seirbhísí tacaíochta a soláthar do scoláirí d'iarratasóirí, ar a n-áirítear éascú an chláir iontrála.

Déanann mui tacaíocht a thabhairt do scoláirí chun áit chónaithe oiriúnach a aimsiú, agus tá muid ag fiosrú faoi áitribh ar leith do scoláirí a chur ar fáil.

Déanann mui deiseanna leanúnacha a thairiscint, ina measc cead leanúint ar aghaidh gan stad agus PhD a dhéanamh.

[2] Tá oideolaíocht idir-dhisciplíneach á cur i bhfeidhm sa Staidéar Lárnach agus faigheann gach scoláire céad-bhliana oideachas cros-dhisciplíneach san ealaín agus sa dearadh. Tá an cur chuige seo i bhfeidhm i nDámh an Oideachais freisin, ar mhodh eile sa Chumarsáid Radharcach agus ag méadú de réir a chéile sa Mhin-Ealaín.

Ag Feabhsú Bealaí Foghlama na Scoláirí

An chiall atá le seo:

Aithnítear luach na scoláirí, lánaimseartha, páirtaimseartha,idirnáisiúnta, is cuma cén chaoi a dtagann siad isteach. Tabharfar tosaíocht feasta don chothroime idir aicmí scoláirí, páirtaimseartha nó lánaimseartha.

Cuirtear in iúl do na scoláirí conas, cathain agus cén áit is féidir leo teacht ar na tacaí agus ar acmhainní i gcomhair foghlama agus conas is ceart aon ábhar buartha dóibh a réiteach laistigh de struchtúir an choláiste.

Déanann an coláiste deimhin de go gcuirtear córas láraithe aon-sraithe de ghnásanna riaracháin agus de thacaí i bhfeidhm ar na cúrsaí idir lán- agus páirtaimseartha.

Déantar tuairimí na scoláirí a ghlacadh agus a anailísiú uair sa bhliain agus déantar an t-aiseolas sin a mheas i gcomhthéacs pleanála agus athbhreithnithe na gcúrsaí staidéir agus na dtacaí i gcomhair scoláirí.

Tá plean sofaisticiúil margála ag CNED.

Tá struchtúr na foghlama de réir modúil de thorthaí foghlama in-aistrithe faoi fhrámaíocht chomhaontaithe.

Tá an forchéimniú tríd an gcoláiste solúbtha, agus cuirtear fáilte roimh iontráil ar ard-leibhéal.

Tá comhpháirtíocht an-láidir le coláistí eile in Éirinn, rud a cuireann le gluaiseacht idir institiúidí.

Cé go mbíonn fadhbanna ag baint le hiontráil san oideachas ealaíne agus dearaidh ag cuid mhór scoileanna dara leibhéil, ta clar de chaidreamh á oibriú againn le hocht mbunscoileanna agus le seacht gcinn déag de mheán scoileanna i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Tá deich n-áiteanna coinnithe againn faoin Scéim Rochtana le haghaidh scoláirí faoi mhí-bhuntáiste sóisialach. De réir mar a mhéadaíonn ar líon na scoláirí tá súil againn sprioc de 8% earcaíochta a shroicheadh faoin scéim seo faoin mbliain 2012.

Is rud indéanta é a bheith ag súil le thart faoi 1200 scoláire sa choláiste i rith na ndeich mbliana atá ag teacht. Má éiríonn linn freastal ar éilimh an spáis don mhéid sin, beidh 5% mar sprioc againn don líon scoláirí idirnáisiúnta a earcófar.

Tá raon cuimsitheach de chláir dochtúireachta agus máistreachta trí thaighde agus Ard-Dioplómaí á n-oibriú cheana féin. Tá trí chlár múinte máistreachta ann faoi láthair agus tri chinn eile á bhforbairt. Beidh deich gcinn díobh sin ann ar fad faoin mbliain 2012.

Is comhpháirtí gníomhach CNED sa Chlár ERASMUS, an Clár Foghlama Feadh Saoil atá ag an AE i gcomhair cuairteanna staidéir agus oibre.

2

Tá muid i gcónaí ag iarraidh ár dtuiscint ar phrionsabail na foghlama san ealaín agus sa dearadh a fhorbairt.

Déantar gach cúrsa a athbhreithniú i gcoinne prionsabal coitianta na foghlama.

Déantar cúrsaí nua a fhorbairt chun freastail ar sho-ghluaiseacht agus ar bhearnaí eile a aithnítear ar leibhéal na céime agus na hiarchéime.

Tá sé mar aidhm againn foghlaim sholúbtha idir-dhisciplíneach a sholáthar, stiúrtha ag foireann ag obair le chéile as disciplíní difriúla ealaíne agus dearaidh agus as cúlraí difriúla.

Tá curaclaim nua modúlacha á bhforbairt againn le haghaidh gach cúrsa céime agus iarchéime.

Baineann muid úsáid as an bpróiseas feabhsaithe cáilíochta chun an fhoghlaim a athbhreithniú agus a thacú i gcomhair chách.

Trí thionscadal sonrach taighde déanfaidh muid struchtúr na healaíne agus an dearaidh sa todhchaí in Éirinn a mhionscrúdú.

- Fad na gcúrsaí céime agus iarchéime sa todhchaí
- Úsáid torthaí foghlama comhaontaithe i gcomhair na leibhéil 6, 7 agus 8

Déanann muid aird a tharraingt ar ábharthacht an chultúir radharcaigh d'aon chleachtóir éifeachtach sa ré seo a dhéanann machnamh

Tá meas againn ar cheardaíocht sna hábhair speisialtachta agus tá muid tiomanta ar chomh-mheascadh dinimiciúil a dhéanamh idir an sean agus an nua.

Cuireann muid an sean agus an nua le chéile ar mhodh machnamhach soiléir leanúnach, ag brú amach na teorainneacha agus na próisis

Ag Díriú ar an Fhoghlaim

An chiall atá le seo

Tá clár leanúnach foghlama agus taighde san ealaín agus sa dearadh againn agus tá clár bliantúil leagtha amach don fhoireann bunaithe ar an mbliain acadúil.

Tá lárionad aitheanta i gcomhair foghlama agus teagaisc i struchtúr an choláiste a chuireann cleachtas den chéad scoth, chun cinn, m.sh. áiseanna, comhairle acadúil srl. Ag teacht le riachtanais an dearbhaithe cháilíochta, tacaíonn an lárionad le hathbhreithniú ar fhorbairt churaclaim. Déantar uirlis, modh-eolaíochtaí, teimpléid agus acmhainní, oiriúnach do theagasc na healaíne agus an dearaidh, a fhorbairt freisin agus cuirtear ar fáil don fhoireann iad.

Tá neartú déanta ar an gCumhdach Oibre Ealaíne a bhéas riachtanach i gcomhair iontrála sa bhliain 2009. Tá moladh tugtha do choláistí eile gur chóir dóibh a leithéid seo a thionscnamh freisin.

Tá gach cúrsa tógtha ar fhrámaíocht chomhaontaithe mhodúlaigh agus ar thorthaí na foghlama.

Faoin mbliain 2011, beidh gach bliain staidéir de réir an Chórais Eorpaigh um Aistriú Creidiúna (CEAC).

Tugtar rogha soiléir do gach scoláire maidir le gluaiseacht trí dhámha agus ó dhámh go dámh.

Feabhsú a dhéanamh ar na bealaí atá ag scoláirí páirtaimseartha, ar chláir creidiúna/iniúchta, chun dul ar aghaidh ó leibhéal theastais go dtí leibhéal an Dioplóma, na céime nó fiú na hiarchéime. Raon na roghanna i gcomhair clár creidiúnaithe páirtaimseartha a mhéadú i gcónaí.

Tábhacht na foghlama solúbtha a aithint mar ghné thábhachtach agus tarraingteach d'aosaigh gairmiúla ar mian leo filleadh ar an oideachas tríú leibhéil.

Tig le scoláirí céimeanna modúlacha idirdhisciplíneacha agus ildhisciplíneacha a bhaint amach.

Tá forbairt na foirne deartha de réir na bprionsabal luaite thuas.

Faoi láthair tá foireann ildhámhach ag taighde chun struchtúir chuí a aimsiú don oideachas céime agus iarchéime san ealaín agus sa dearadh.

Tá struchtúr modúlach éifeachtach glactha agus i bhfeidhm ar fud an choláiste a chuireann tuilleadh idirdhisciplíneachta chun cinn, gan cur isteach a dhéanamh ar shaintréithe aon dhisciplín faoi leith.

3a

Ceannasaíocht

Tá ceannasaíocht éifeachtach á thabhairt againn in oideachas na healaíne agus an dearaidh.

Tá muid ag iarraidh an cheannasaíocht a chur chun cinn ar fud an choláiste trí thaiscéaladh a dhéanamh ar na luacha bunaigh, ar an bhfís chomhroinnte agus ar úinéireacht an phlean straitéisigh.

Tá athstruchtúrú á dhéanamh againn d'fhonn éascú ar chomhoibriú agus ar idir dhisciplínecht tríd an gcoláiste ar fad.

Tá struchtúr nua bainistíochta á chur i bhfeidhm againn d'fhonn príomhaíocht na foghlama a dheimhniú.

Tá muid ag tacú le leasú reachtaíochta maidir le rialachas CNED.

Idirdhisciplíneacht: Comhoibriú

An chiall atá le seo

Cuidíonn CNED le líonra náisiúnta na hÉireann um ard-oideachas trí chúrsaí ealaíne agus deartha a sholáthar.

Tá struchtúir tuarascála soiléire i bhfeidhm againn chun cinntí tarmligthe a éascú.

Tá ath-struchtúrú á dhéanamh ar an gcoláiste chun na ceannairí oideachais a chur i gcroí-lár phróisis na gcinntí a dhéanamh.

Tá tacaíocht ar leith ar fáil againn chun scileanna ceannasaíochta na foirne go léir a bhforbairt.

Tuigeann muid go bhfuil imshaol an ard-oideachais an chasta ar fad ó thaobh nádúir de agus go bhfuil na cinntí i gcónaí ag brath ar obair foirne an-fhorbartha. Más áil leis an bhfoireann a bheith inniúil ar fhreagairt do bhrú ó iliomad fhoinse nó do bhrú sreabhánach, chaithfidh siad scileanna agus próisis a fhorbairt chun freagraí sofaisticiúla a thabhairt ar fhadhbanna fíor-chasta paradacsúla.

Dá bhrí sin tá meicníochtaí nua á scrúdú again le haghaidh na hoibre atá romhainn, cur i gcás am chun machnamh a déanamh le chéile, scartha ó bhrúnna laethúla an champais, agus freisin éascú a lorg ón dtaobh amuigh i gcomhair cruinnithe criticiúla nó i gcomhair cruinnithe struchtúracha a léiríonn na leibhéil difriúla agus na cruacháis casta a bhaineann le cinntí a dhéanamh.

Tá struchtúir curtha le chéile againn chun tacú le ceannasaíocht roinnte: ciallaíonn sin go bhfuil an fhoireann go léir ag obair agus ag smaoineamh chun straitéis CNED a chur i bhfeidhm agus go dtugtar luach saothair agus spreagadh d'aon tionscnamh, go háirithe do thaighde iarchéime. .

Úsáidtear faisnéis maidir le hairgead agus faireacháin mar thacú lena bhfuil sonraithe thuas.

Faoi láthair tá CNED agus ÚAO aontaithe gurb é an rud is fearr chun leasa an choláiste ná go ndéanfadh comhaltaí an Bhoird uainíocht chúig bhliana. Tá CNED i gcónaí ag iarraidh an leasú seo a bheith curtha ar bhonn reachtúil.

3b

Cáilíocht

Is mór linn an pháirt a ghlacann gach bhall den fhoireann san obair seo. Tugann muid gach tacaíocht don fhoireann chun an luach is airde a bhaint as a gcuid acmhainní.

Déanann muid gach iarracht ar nuálaíocht na foirne a spreagadh agus an dinimic agus an tiomantas saoil a chothú mar thacú le hoideachas agus leis an ealaín agus an dearadh in Éirinn.

Tá socruithe á gceapadh againn don fhorbairt atá ar siúl ag an bhfoireann agus tacaíonn muid le tograí solúbtha, uileghabhálacha a thugann an luach saothair ceart don nuálaíocht, don chruthaitheacht agus don líonrú sa choláiste féin agus lasmuigh.

Cosúil le hinstitiúidí ard-oideachais eile, tuigeann muid go bhfuil struchtúr foirne fágtha le mar oidhreacht ag CNED nach ghá gurb é is fearr é sa lá inniu chun plean forásach, de réir an chleachtais is fearr, a chur i gcrích. In imshaol iomaíoch na linne seo déanfar athbhreithniú ar ról na foirne, acadúil agus tacúil, d'fhonn an feidhm is éifeachtaí a bhaint as obair an choláiste.. Chun acmhainní na foirne a chur chuig an úsáid is éifeachtaí cuirfear straitéis foirne faoi bhráid an ÚAO. Tabharfar tacaíocht mhór don fhoireann chun obair chruthaitheach, sholúbtha, torthúil a dhéanamh mar ghné an-thábhachtach den straitéis seo.

Baineann muid úsáid as próiseas an dhearbhaithe cháilíochta chun tacú le forbairt na foirne.

Tá muid ag cothú na ceannasaíochta roinnte trí phlean forbartha foirne.

[3] Ag obair le chéile sa bhliain 2003 cheap an tÚAO agus an Bord Cáilíochtaí Ollscoileanna na hÉireann (BCOÉ) Cumann Ollscoileanna na hEorpa (COE), chun athbhreithniú a dhéanamh ar Dhearbhú Cáilíochta (DC) i seacht gcinn d'ollscoileanna a ghlac páirt sa tsuirbhé. Bá é cinneadh na Tuarascála Earnála (ÚAO/BCOÉ 2005) go raibh an t-am tagtha chun dul ar aghaidh chuig céim nua 'a thógfadh ar an gcóras a bhí ann cheana, a dhéanfadh é a cheangal ní ba dhlúithe le bainistíocht straitéiseach agus a fhriothálfadh na torthaí ar fhorbairt leanúnach na n-ollscoileanna, go haonaránach agus le chéile.

Forbairt na Foirne

An chiall atá le seo

Déantar an caidreamh tionsclaíoch a athbhreithniú i gcomhthéacs ballraíochta an Choláiste i gCónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ) agus ag an ról atá ag an Cheardchumann, arna léiriú agus arna thacú ag próiseas na Comhpháirtíochta.

De réir mar a choimríodh arís i dtuarascáil an BCOÉ faoin Fhrámaíocht um Cháilíocht in Ollscoileanna na hÉireann[3], déanfaidh CNED tógáil ar na córais agus na cleachtais DC (Dearbhú Cáilíochta) atá againn cheana agus déanfar comhtháthú níos iomláine feasta idir DC agus na timthriallta agus próisis de phleanáil straitéise. Oibreoidh CNED go speisialta chun na measúnaithe DC a nascadh go díreach le meicníochtaí níos sainiúla DC eile i gcomhair foghlama agus teagaisc

Gach bliain bíonn an fhoireann ag machnamh ar a gcleachtas múinteoireachta agus aithníonn siad deiseanna forbartha i gcomhair na foirne, ag teacht le riachtanais straitéise an choláiste, agus déantar acmhainní dá réir a sholáthar dóibh go tráthúil.

Déantar comhaontú ar na critéir soiléire i gcomhair deiseanna forbartha de réir riachtanais an Choláiste.

Tá buiséid forbartha na foirne trédhearcach agus sothuigthe.

Déantar critéir a aontú d'fhonn líonrú aitheanta a bhunú.

Déantar costas na foirne agus gach costas foghlama eile a fhoilsiú go soiléir sa Choláiste.

Tá gach dámh tiomanta chun próisis dhearbhaithe cháilíochta a bhunú.

Déantar Frámaíocht Inniúlachta a cheapadh agus a aontú i gcomhair caighdeáin chumais do gach ghrád – Léachtóir, Ceann Roinne (Léachtóir Sinsearach) agus Ceann Dáimhe. Tugtar tacaíocht don fhoireann chun a bhfreagrachtaí a mheas de réir frámaíocht na hinniúlachta.

Faoin mbliain 2010, tá foireann forbartha chun Teastas Iarchéime sa Chleachtas Acadúil (Disciplíní Cruthaitheacha) a thaighde agus a chruthú i gcomhair gach duine ar fhoireann na ndámh agus é chur faoi bhráid ONÉ.

Déanfaidh foireann forbartha, Teastas Iarchéime sa Cheannasaíocht Acadúil a thaighde agus a chruthú agus é a chur faoi bhráid ONÉ faoin mbliain 2010.

3c

Nuálaíocht

Tá muid sa chéad áit mar institiúid thaighde san ealaín agus sa dearadh in Éirinn.

Tá cláir nua iarchéime, MA agus PhD, á bhforbairt againn.

Déanfaidh muid córas frámaíochta cóimheasa a fhorbairt, oiriúnach don ealaín agus don dearadh, chun caighdeáin an chleachtais acadúil a chomhtháthú le feabhsú na cáilíochtas an ard-oideachais.

Tugann muid cuirí do ghairmigh cáiliúla san ealaín agus sa dearadh teacht ar chuairt chuig an gColáiste chun léachtaí a thabhairt.

Déanann muid iarchéimithe idirnáisiúnta a tharraingt.

Tá comhpháirtíocht pobal agus iarchéimithe á bhforbairt agus á ndaingniú againn.

Tá comhar nuálaíoch cruthaithe againn le forais ealaíne agus deartha eile trí GhradCAM agus trí thionscadail taighde eile.

Tá ard-mheanma orainn faoi thaighde dinimiciúil a fhorbairt faoi limistéir eile staidéir i gcomhar le forais eile oideachais.

Chomh maith le hinstitiúidí agus le comhpháirtithe eile, tuigeann muid go dian-mhaith an bun-ghá atá le comhar agus le taighde idir dhisciplíní chun idéanna nua agus táirgí nua a fhorbairt.

Tá chuideachta bhríomhar thaighde san ealaín agus sa dearadh á forbairt againn agus ar an bpointe a theagmhaíonn an ealaín agus an dearadh le limistéir eile staidéir.

Taighde agus Staidéar Iarchéime

An chiall atá le seo

Déanann muid abhcóideacht phoiblí d'fhonn a chinntiú go dtugtar maoiniú i gcomhair taighde do Mheáin na nEalaíon gCruthaitheach ina gcearta féin, agus ní mar shórt cheangaltáin leis na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta.

Déanfaidh CNED cuallacht iarchéime níos foirfe fós a fhorbairt ar bhonn idir-dháimhe, trí chloí go dlúth le forbairt leanúnach a dhéanamh ar GhradCAM agus trí thacaíocht a thabhairt do thaighde agus do thionscnaimh faoi cheannas na foirne.

Tugann muid cuidiú agus spreagadh don mhachnamh criticiúil ar ról an ealaíontóra agus an dearthóra mar chuid de shochaí an eolais.

Déantar na naisc, sean agus nua, leis an dtionscal a dhaingniú athuair trí Ghrúpaí Eolais a Mhalartú.

Tugann muid cuidiú agus spreagadh don mhachnamh criticiúil ar ról an ealaíontóra agus an dearthóra sa saol mór. Bíonn CNED ag caidreamh leis an dtionscal, leis an bpobal agus le grúpaí cultúrtha agus le hoideachasóirí trí ghrúpa taighde an dearaidh, trí ghrúpa eitice an dearaidh agus trí obair ar leith a dhéanann léachtóirí agus scoláirí.

Tugtar tacaíocht do bhaill foirne a bhíonn ag iarraidh taighde a dhéanamh a thagann le cuspóirí straitéiseacha an Choláiste. I measc na tacaíochta seo atá: saoire shabóideach lán- agus páirtaimseartha; iasacht ar uidhe chun cúrsaí nua staidéir a chruthú, maoiniú foghlama agus teagaisc agus múinteoireacht fhaoisimh á dhéanamh ag scoláirí iarchéime.

Tá sé mar aidhm againn uimhir na foirne le cáilíochtaí PhD a dhúbailt faoin mbliain 2012.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na modúil atá againn sa choláiste (m.sh. Grúpa Thaighde an Dearaidh) agus in institiúidí eile, déanfaidh Coiste Thaighde an Choláiste raon mór de ghrúpaí taighde a chruthú, ionas go mbeidh gach aoinne sa bhfoireann acadúil agus sa bhfoireann theicniúil, ar spéis leo a leithéid, bainteach le Grúpa Taighde éigin faoin mbliain 2010.

Conarthaí agus sonraí post na foirne acadúla a athbhreithniú d'fhonn ailíniú dearfach a dhéanamh idir riachtanais thaighde an coláiste agus mianta na foirne chun taighde a dhéanamh. Breis sholúbthachta chun obair a dhéanamh faoi chonarthaí difriúla agus soláthar a dhéanamh d'obair dhifriúil faoi chonradh, cur i gcás déanfar dian-scrúdú ar róil na taighde, an teagaisc agus na ceannasaíochta.

Beidh scoláirí idirnáisiúnta mar 15% de na scoláirí iarchéime sa bhliain 2012.

Déanfaidh muid barr tosaíochta de sholáthar an mhaoinithe i gcomhair taighde

Déanfaidh muid uimhir agus raon na gcúrsaí múinte iarchéime a mhéadú ó 3 go dtí 10 faoin mbliain 2010.

Déanfar ceathrar scoláirí PhD CNED a earcú chuig GradCAM in aghaidh gach bhliana den phlean straitéiseach.

Tacófar le scoláirí iarchéime trí Chúntóireacht d'Iarchéimithe i dteagasc, i dtaighde a cheapadh dóibh agus/nó trí róil riaracháin a thabhairt dóibh.

4

Le blianta anuas bhí líon na scoláirí lánaimseartha idir 860 agus 910. Tá sé ina chuspóir réadúil anois, ó thaobh oideachais de, 1,200 scoláire a chur i gcampas Shráid Thomáis, ar choinníoll go n-éiríonn linn infheistíocht a fháil don fhoirgníocht riachtanach.

Tá sé mar aidhm againn spás breise do 50 scoláire a chur ar fáil gach bliain. Beidh gach cinneadh a dhéanfar maidir le bonneagar nua foirgníochta de réir na tosaíochta seo.

Tá an úsáid a bhaineann muid as an spás agus as acmhainní eile bunaithe ar phrionsabail aontaithe oideolaíocha agus ar chuspóirí straitéiseach an choláiste i gcoitinne.

Tá hallaí léachta so-oiriúnaithe againn agus tá na ceardlanna agus na seomraí na seimineár oiriúnach do na cuspóirí lenar cheapadh iad.

Fágann muid spás go leor saor chun gach chleachtas is gá a dhéanamh.

Tá polasaí agus cleachtas soiléir agus éifeachtach againn maidir le Bainistíocht Riosca um Shláinte agus um Shábháilteacht.

Tá sé d'aidhm againn trí chinn de thionscadail bonneagair a fhorbairt i gcóngar champais Shráid Thomáis. Déanfar an maoiniú a ardú trí chomh-pháirtíocht agus trí shrutha áirithe ar nós CTFTL. Is éard atá sna tionscadail seo ná: lárionad nua do thaighde iarchéime, iostas do scoláirí, agus aonaid goir le haghaidh fiontar iarchéime.

Táan spás agus na háiseanna roinnte go cothrom chun foghlaim na scoláirí a thacú agus a fheabhsú, lena n-áirítear scoláirí atá ar chláir creidiúna/iniúchta páirtaimseartha.

Tá seomraí léachta sa bhreis á gcur ar fáil i dTeach Harry Clarke.

Tá sé d'aidhm againn trealamh agus seirbhísí speisialta ar chur ar fáil do scoláirí chun freastal ar cibé riachtanas a bhéas orthu.

Tá muid ag iarraidh an imshaoil oibre a fhorbairt:

- Tá athbhreithniú déanta againn ar riachtanais forbartha an champais agus tá glactha againn le Máistir-Phlean Campais CNED, leis na for-bairtí céimneacha incriminteacha agus leis an gcur chuige fad-tréimhse straitéiseach atá ann.
- Leanfaidh muid ag athbhreithniú úsáid na bhfoirgneamh agus na n-acmhainní.
- Tá sé d'aidhm againn infheistíocht a tharraingt isteach.
- Nua-fhoirgnimh íocónacha a thógáil.

Ag Forbairt Imshaoil na Foghlama

An chiall atá le seo

Tabharfar tosaíocht d'aon infheistíocht bhonneagair a thugann ceann d'úsáid de spás cion-roinnte ar champas.

Déantar an chostáil maidir le húsáid spáis agus trealaimh a ríomhadh de réir critéar a bhéas aontaithe leis na Cinn Roinne agus na Cinn Dáimhe.

Déantar an fhrámaíocht chun spáis agus trealaimh a úsáid a aontú leis na Cinn Dáimhe agus na Cinn Roinne.

Déanfaidh muid Scoil an Dearaidh Thionsclaíochta a chomh-dhaingniú le disciplíní dearaidh an tí. Mar thoradh ar sin déanfar Dámh an Oideachais agus Roinn an Staidéir Lárnaigh Bliain 1 a aistriú chuig láthair eile ar an gcampas.

Déantar lárionad insroichte iarchéime a fhorbairt ar champas, chun áiseanna tiomnaithe a sholáthar do gach scoláire iarchéime agus na scoláirí dochtúireachta ag Scoil Iarchéimeanna na nEalaíon gCruthaitheach agus na Meán. D'fhéadfaí áit a fháil anseo freisin i gcomhair *The Man*: An Lárionad Deartha Miochaine – soláthraíonn an lárionad sin an príomh – cheangal atá ag CNED le scoil iarchéime in innealtóireacht bhithleighis. Is é an rogha ab fhearr linn ná foirgneamh ar thaobh na sráide ionas go bhfaigheadh na hiarchéimithe teacht air de lá is d'oíche.

Mar chuid de bhonneagar na champais, tógann CNED ar an gcomhoibriú atá againn le lucht déanta an trealaimh, le Roland Technology, chun saotharlann dhigiteach tiomnaithe den chaighdeán is airde a fhorbairt.

200 áit chónaithe do scoláirí, gairid don choláiste, pleanáilte agus tógtha i gcomhairle le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus/nó le forbróirí príobháideacha a bheadh i mbun tionscnamh i gcóngar an champais. I gcomhar le comhpháirtithe cosúil le Gníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh, agus/nó le gnólachtaí tráchtála sna Saoirsí, déantar aonaid goir fiontraíochta a chur suas le haghaidh iarchéimithe an choláiste.

Déantar straitéis tiomnaithe airgeadais a fhorbairt le spriocanna soiléire. Tá an coláiste go léir tugtha do mhaoiniú a thiomsú.

Déanfar an tosaíocht le haghaidh maoinithe a aontú ar chruinnithe na Comhairle Acadúla/gCeann Dáimhe as seo amach sula gcuirfear faoi bhráid an Bhoird í.

Forbróidh CNED polasaí imshaoil i gcaitheamh 2008-09 le spriocanna áirithe chun an diomailt a laghdú agus le céimeanna chun an lorg an charbóin a laghdú go dtí bun an scála sna himeachtaí go léir.

5

Tá tosaíocht agus forbairt déanta againn le lucht tionscal agus sa phobal i gcoitinne ar líonraí d'áiteanna oibre le haghaidh scoláirí.

Tá comhpháirtíocht chomhair agus taighde bunaithe againn le forais eile ealaíne agus deartha agus tá muid ag leanúint leis an bhforbairt seo.

Tá cláir oibre á bhforbairt againn san ealaín agus sa dearadh do chéimithe tar éis dóibh cáilíochta a fháil.

Tá muid ag lorg comhpháirtíocht oibre le lucht tionscail agus gnó agus le comhlachtaí ábhartha stáit.

Dearcann muid ar oiliúint múinteoirí mar an buthal agus an nasc idir CNED agus na meánscoileanna.

Tugann muid an-tosaíocht d'obair na deisce idirnáisiúnta.

Caidreamh le lucht gnó – bíonn tionscadail beo agus/nó tionscadail gnáth-shaoil agus comórtais idirnáisiúnta go minic mar chuid de na cúrsaí seo. Tagann urraíocht luachmhar dá mbarr agus faightear fostaíocht go minic de bharr na teagmhála.

Comhalta gníomhach dílis is ea CNED de líonraí ealaíne agus dearaidh san Eoraip ar nós ELIA agus CUMULUS.

Tá taithí idirnáisiúnta agus roghanna malairte ar fáil ag scoláirí CNED trí na naisc atá déanta againn le forais ealaíne agus dearaidh san Eoraip, san Astráil agus i Meiriceá.

Naisc agus Comhaontuithe

An chiall atá le seo

Tá bunachar an-mhór de theagmhálacha tionsclaíocha, athnuaite go rialta ag an riarachán láir, ar inlíon an Choláiste.

Coimeádann an riarachán láir eolaire comhpháirtíochta an Choláiste. Uair sa ráithe, cuireann gach aoinne ar an bhfoireann tuairisc maidir le comhpháirtíocht isteach. Tá uirlis an-acrach ar an ngréasán chun an tuairisciú seo a dhéanamh.

Is féidir le scoláirí roghnú a dhéanamh idir raon mór áiteanna chun oibre as na foinsí luaite thuas.

Tá obair na comhpháirtíochta níos lárnaí ná riamh i bpleanáil straitéise an Choláiste agus aitheanta mar scil lárnach ag an bhfoireann go léir.

Cláir comhpháirtíochta trí mhainneachtain is ea na cláir iarchéime. Dá dtarlódh nárbh fhíor é seo i gcás ar bith, mhíneofaí an chúis go soiléir in achoimriú an chláir.

Déantar sainmhíniú breise agus foilsiú ar ról ceannasach CNED mar áit oiliúna múinteoirí. Forbraíonn CNED, i gcomhpháirtíocht, straitéis chúig bhliana déag le haghaidh oiliúint mhúinteoirí in Éirinn.

Tacaíonn Bainisteoir Comhpháirtíochta leis an bhfoireann chun líonrú a dhéanamh agus éascaíonn an tiomsú airgid i measc na n-earnálacha gnó.

Bunaítear aonaid goir i gcomhair fiontar gnó do chéimithe an choláiste i gcomhar le dreamanna ar nós Gníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh agus/nó le gnólachtaí tráchtála sna Saoirsí.

Tá sé i gceist againn tograí a chur ar aghaidh i gcomhair 200 aonad cónaithe do scoláirí sna Saoirsí, i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó le forbróirí príobháideacha a dhéanann obair dá leithéid.

Tá saotharlann dhigiteach den chéad scoth forbartha i gcomhar le Roland Technology le trealamh chun fréamh-shamhlacha promhaidh a atáirgeadh inti.

Coinníonn CNED nasc gníomhach le sean-scoláirí trí Líonra na gCéimithe.

Faoi láthair tá baint againn leis na comhair agus na comhpáirtíochtaí seo a leanas:

- **Scoil Iarchéimithe na nEalaíon gCruthaitheach agus na Meán:** comhoibriú é seo idir CNED, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IEDT) Dhún Laoghaire agus Ollscoil Uladh.

- **An tIonad Náisiúnta Taighde Digiteach:** comhoibriú idir CNED, COBÁC, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) agus IEDT Dhún Laoghaire.

- **An Leabharlann Náisiúnta Éireannach um Ealaín Radharcach:** is comhoibriú í seo leis an gComhairle Ealaíon agus is cnuasach aitheanta náisiúnta í.

- **Taispeántas Faisin Bliantúil na gCéimithe:** Is comhpháirtíocht í seo le Peter Mark le deich mbliana anuas.

5 Nascadh agus Comhaontuithe

An chiall atá le seo (ar lean)

- Ag lorg oibre is féidir le scoláirí roghnú a dhéanamh idir sé ionad is fiche in Éirinn.
- Tá Comhaontú Foghlama foirmiúil againn le Lectra, an ghnólacht bhogearraí deartha faisin

Tá comhaontuithe dá-thaoibh ag CNED le 63 coláiste ealaíne agus deartha san Eoraip i gcomhair cuairteanna staidéir ar bhonn malairte agus tá comhaontuithe againn le 16 gnólachtaí san Eoraip chun áiteanna oibre a sholáthar do scoláirí dearaidh. Cuireann an líonra de chomhpháirtíocht idirnáisiúnta seo éagsúlacht de thaithí agus de theagmháil oideachasúil ar fáil do scoláirí CNED.

Sa líonra seo atá:

- Scéim Feidearálach Iasachta Teaghlaigh, An Roinn Oideachais, SAM
- Oideachas Idirnáisiúnta do Scoláirí: Chicago, SAM
- Coimisiún Fullbright in Éirinn
- Ollscoil Stáit, San Diego, SAM
- Scoil Mhúsaeim na Mín-Ealaíne: Boston, SAM
- Scoil Ealaíne & Dearaidh, Ollscoil Illinois Theas: Carbondale (SIUC), SAM
- Scoil an Dearaidh, Rhode Island, SAM
- An Coláiste Ealaíne, Maine, SAM
- Ollscoil Stáit, Connecticut Láir, SAM
- Ollscoil Auburn, Alabama, SAM
- Institiúid Ealaíne & Dearaidh Emily Carr: Vancouver, Ceanada
- Coláiste Ealaíne & Dearaidh, Nova Scotia, Ceanada
- Ollscoil Valparaiso, An tSile
- Ollscoil Edith Cowen: Perth, An Astráil Thiar

6

Is é CNED an coláiste náisiúnta ealaíne agus dearaidh in Éirinn

Tugann muid barr tacaíochta do ról agus do rannpháirt an healaíne agus an dearaidh sa saol mór.

Déanann muid iarracht ar del fhéiniúlacht an choláiste a fhorbairt tríd an gColáiste a chur chun cinn, trí chúrsaí úra a fhorbairt, agus trí obair a déanamh idir dhisciplíní.

Foilsiú agus poiblíocht – tríd an dánlann, trí láithreán gréasáin agus meáin eile – na tionscadail a mbíonn rath orthu agus comhoibrithe/tionscadail ealaíne poiblí, gnóthachain na foirne, tionscadail scoláirí srl. agus earcú scoláirí.

Cothaíonn muid meas a thabhairt don champas má thugann sé dea-íomhá don institiúid..

Féiniúlacht d’Earnáil na hEalaíne agus Dearaidh

An chiall atá le seo

Osclófar an dánlann nua sa bhliain 2009. I measc na dtéarmaí tagartha don dánlann atá an úsáid is mó le baint as spás na dánlainne chun spéis an phobail mhóir a chothú sa choláiste – scoláirí, céimithe, muintir na Saoirsí, cleachtóirí agus daoine eile.

Straitéis éifeachtach i gcomhair cumarsáide poiblí.

Cothaíonn CNED fóraim sa Dearadh Tionsclaíoch, sa Dearadh Grafach, agus i bhfeidhmeanna eile gnó agus dearaidh.

Lorgaíonn CNED comhpháirtíocht le healaíontóirí, le dánlanna (agus lucht a bhfeighilte), agus le comhlachtaí stáit d’fhonn na healaíona radharcacha a chur chun cinn in Éirinn.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gColáiste ar an bhféiniúlacht radharcach agus coláisteach atá aice agus déanfar an íomhá phoiblí agus an branda a shaibhriú sa bhreis i gcaitheamh na dtrí mbliana atá ag teacht.

Tá deiseanna goir i gcomhair fiontar gnó á bhforbairt le haghaidh céimithe CNED i gcomhpháirtíocht le Ghníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh nó le gnólachtaí tráchtála eile sna Saoirsí.

Córais agus Acmhainní na hEagraíochta

41	Aithbhreithniú ar Structúir an Choláiste
	Rialachas
43	Structúir Ceannasaíochta agus Bainistíochta
	Bealaí chun Tacú le Ceannasaíocht agus le
	Bainistíocht san Ealaín agus sa Dearadh
	ar an 3ú agus 4ú Leibhéal
45	Acmhainní Daonna
	Feabhsú Cáilíochta
47	Tacaíocht Riaracháin agus Bainistíocht Airgeadais
	Leabharlann, Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide
49	Tiomsú Airgid
	Meicníochtaí Faireacháin agus Feidhmiúcháin

Córais agus Acmhainní na hEagraíochta

Athbhreithniú ar Struchtúir an Choláiste

Tá an-leas bainte ag CNED as ath-struchtúrú na Comhairle Acadúla sa bhliain 2003. Tá tuilleadh eagraithe de dhíth anois lena chinntiú go dtiocfaidh leis na dámha oibriú ní ba dhlúithe le chéile. Freisin, go dtiocfaidh leis na Cinn Dáimhe agus na Cinn Roinne ról ceannasaíochta ní b'fhearr a imirt sa choláiste agus go mbeidh an fhoireann eile inniúil ar fhreagrachtaí for-leathana a ghlacadh, ionas go bhfaighfear na straitéis comhaontaithe i ndáil le cionroinnt an spáis, cothú na h-idirdhiciplíneachta srl a chur i bhfeidhm.

Sa chomhthéacs seo, déanfar an leagan amach atá faoi láthair ar na Dámha agus ar na Ranna agus na róil agus na feidhmeanna atá ag na Cinn Dáimhe agus ag na Cinn Roinne a athbhreithniú. I gcaitheamh an phróisis seo uile tabharfar an urraim chuí do choinníollacha gach aon chonartha atá ann faoi láthair.

Rialachas

Tá aon chomhalta déag ar Bhord rialaithe CNED, ceaptha ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta gach trí bhliain. Ainmníonn an fhoireann acadúil beirt as a líon féin. Ainmníonn scoláirí ar chúrsaí faofa beirt as a líon féin freisin. Bíonn an Stiúrthóir ina chomhalta den Bhord de bharr a oifige.

Tá gá le tacaíocht na Roinne a lorg chun scrúdú a dhéanamh ar chiallachas an Achta 1971, a reachtaíodh mar fhreagairt ar thréimhse difriúil agus ar cheisteanna difriúla. Tá codáin san Acht sin nach cabhair ar bith iad maidir le feidhmiú chláir an athraithe atá os chomhair CNED anois.

Chomh luath is a cheapfar Bord nua, tar éis an cheist a phlé leis An Bord, ba cheart próiseas ionduchtaithe agus forbartha don Bhord a thionscnamh.

Córais agus Acmhainní na hEagraíochta

Struchtúir Ceannasaíochta agus Bainistíochta

Cuireann An Bord bainistíocht CNED faoi chúram an Stiúrthóra, le tacaíocht ó fhoireann shinsearach bhainistíochta. Orthu sin tá an Cláraitheoir, na Cinn Dáimhe agus Ceann an Staidéir Lárnaigh. Tá an coláiste ar fad tiomanta chun próisis a thionscnamh a chuirfidh struchtúr nua ar an bhfoireann ionas gur féidir acmhainní a bhainistiú ní b'fhearr agus ceannasaíocht ní b'éifeachtaí a thabhairt. Tá sé an-phráinneach an próiseas seo a chur ag obair chomh luath agus is féidir.

D'fhonn an mheanma agus an caidreamh tionsclaíoch a fheabhsú, tá taighde, agallamh agus idirbheartaíocht de dhíth sula gcuirfear na struchtúr nua i bhfeidhm. Beidh am de dhíth chuige sin agus cuirfear ath-struchtúrú eatramhach dhá bhliain i bhfeidhm ionas go bhfaighidh CNED dul chun cinn a dhéanamh ag teacht leis na huaillmhianta atá sa phlean seo.

Tá foireann shinsearach bhainistíochta CNED tiomanta don mhéid seo a leanas:

- Tacú le comhoibriú breise trí réimse de fhreagrachtaí cros-choláiste a chur leis na freagrachtaí atá ar na Cinn Dáimhe cheana féin.

- Ról an Chláraitheora Acadúil a neartú trí dhuine tiomnaithe a cheapadh go heatramhach, ó líon na gCeann Dáimhe atá againn faoi láthair.

- An Ról a bhéas ag Ceann an Staidéir Bhun-Chéime a thionscnamh, ar bhonn eatramhach arís, ionas gur féidir dul chun cinn gasta a dhéanamh i réim foghlama na scoláirí sna bealaí a athchoimríodh sa phlean seo. Beidh an ról seo mar fhreagracht bhreise ar dhuine de na Cinn Dáimhe atá againn faoi láthair.

- Príomh-róil na gCeann Dáimhe sa Mhín-Ealaín agus na gCeann Dáimhe sa Dearadh a choinneáil, mar aitheantas ar chúram lárnach an Choláiste .i. mar phríomh-oideachasóir scoláirí ealaíne agus dearaidh.

Bealaí chun Tacú le Ceannasaíocht agus le Bainistíocht san Ealaín agus sa Dearadh ar an 3ú agus an 4ú Leibhéal.

Déanfar struchtúir uile an Choláiste a dhearadh chun éascaíocht agus tacaíocht na foghlama a fheabhsú. Tá sé i gceist go mbeidh struchtúir na nDámh agus an riaracháin ábalta nuálaíocht, solúbthacht agus cruthaitheacht a chur chun cinn sa bhfoireann agus sna scoláirí agus go ndéanfar an cheannasaíocht agus an inniúlacht a chothú agus an luaíocht chuí thabhairt do na tréithe sin.

Aithníonn CNED an gá atá le ceannasaíocht agus bainistíocht acadúil a chothú i measc na foirne ealaíne agus dearaidh agus go deimhin i measc na scoláirí féin.

Cuirfidh CNED lárionad foghlama agus teagaisc ar bun. Is í an phríomh-fheidhm a bhéas ag an lárionad seo ná agallamh leanúnach a spreagadh agus a fhorbairt faoin dtuiscint atá le teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs na healaíne agus an dearaidh.

Córais agus Acmhainní na hEagraíochta

Acmhainní Daonna

Tá CNED tiomanta ar chultúr dheimhneach de chaidreamh tionsclaíoch a chothú sa choláiste. Cuirfear córais maithe cumarsáide agus comhrá ar siúl chun tacú leis an bpróiseas seo. Tá athbhreithniú ar ghnáis agus ar chleachtais an chaidrimh thionsclaíoch ar bun ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i láthair na huaire le súil gur féidir caidreamh tionsclaíoch a fheabhsú san am atá le teacht.

Tabharfar tacaíocht don Oifig Acmhainní Daonna chun cothroime cheart a dhéanamh idir déileáil go príomha le ceisteanna caidrimh thionsclaíoch nó a bheith ag obair ar cheisteanna cosúil le so-ghluaiseacht, solúbthacht, feabhsú cáilíochtaí, nuálaíocht, taighde agus cleachtas gairmiúil ar mhaithe le forbairt na foirne. Sa chomhthéacs seo déanfar an méid seo a leanas a thionscnamh:

- An polasaí agus na gnáis maidir le AD a athbhreithniú agus an fhaisnéis seo a chur ar fáil don fhoireann ar inlíon an Choláiste

- Conarthaí agus sonraí poist na foirne acadúla a athbhreithniú chun ailíniú dearfach a chruthú idir riachtanais taighde an choláiste agus uaillmhianta taighde na foirne. Tuilleadh solúbthachta a chruthú, trí chonarthaí difriúla agus soláthar a dhéanamh do dhualgais conarthacha éagsúla, cur i gcás déanfar róil taighde, teagaisc nó ceannasaíochta a thaiscéaladh.

- Déanfaidh muid clár a ullmhú chun na gcóras riaracháin go léir a thabhairt chun nua-aim searthachta.

- Déanfaidh muid athbhreithniú ar na gearáin agus ar na gnáis araíonachta atá ann agus déanfar polasaí i leith na bulaíochta a chur i gcrích, le tacaíochtaí oiriúnacha, ionas go bhfaighidh an fhoireann déileáil go cóir cothrom le haon ábhar buartha den chineál sin.

- Beidh oiliúint agus forbairt na foirne ina cheann tosaíochta againn.

- Cuirfidh muid lámhleabhar amach chun faisnéis a chur ar fáil go soiléir don fhoireann.

- Déanfaidh muid modúl comhaontaithe a fhorbairt chun athruithe a bhainistiú.

- Cabhraíonn muid le comhcheangail idir limistéir difriúla sa choláiste agus tacaíonn muid le coiste sóisialta sa choláiste.

Feabhsú Cáilíochta

Nuair a foilsíodh tuarascáil Chumann Ollscoileanna na hEorpa (COE) maidir le cur i bhfeidhm an Dhearbhaithe Cháilíochta (DC) ar fud earnáil na hOllscoilíochta in Éirinn, tarraingíodh aird ar limistéir sonracha a bhí i bpráinn a bheabhsaithe. Ina measc siúd, go háirithe, bhí gá le sineirge ní ba dhlúithe a tharraingt idir na meic-níochtaí pleanála agus cáilíochta. Beidh CNED ag tógáil ar an rath a bhí ar phróiseas an dearbhaithe cháilíochta a thionscnaíodh ar leibhéal na Roinne sa bhliain 2004. Déanfar an chéad timthriall eile a bhunú ar bhraislí ní ba mhó ar nós na dámha agus déanfar comhtháthú níos iomláine idir an próiseas seo agus timthriallta na pleanála straitéise i CNED san am atá le teacht..

www.openup.co.uk
www.intellectbooks.com

Córais agus Acmhainní na hEagraíochta

Tacaíocht Riaracháin agus Bainistíocht Airgeadais

Tá an-teist ar fad ar éifeacht CNED maidir le cúrsaí riaracháin agus bainistíocht airgeadais. Mar sin féin, tá gá ann na córais seo a chur in oiriúint chun tacaíocht a thabhairt do bhreis comhoibrithe agus malartaithe sa choláiste.

Cuireann muid tacaíochtaí riaracháin éifeachtach agus solúbtha ar fáil atá ábalta iad féin a chur in oiriúint d'athruithe sa phróiseas foghlama:

- Tá bainistíocht agus cobhsaíocht láidir airgeadais againn
- Déanann muid faireachán ar fheidhmiú ár ngnó trí fhaisnéis chuntasaíochta, soiléir, sothuigthe.
- Bíonn na cinntí a dhéantar maidir le roinnt acmhainní trédhearcach agus foilsithe i gcónaí.

Déanfar faisnéis maidir le hairgeadas a sholáthar ar bhealach éasca chun teacht air agus intuigthe ag duine ar bith. Tuigfidh gach sealbhóir an buiséad a gheobhaidh agus an modh inar roinneadh é. Beidh tacaíocht/traenáil ar fáil ag na Cinn Dáimhe agus na Cinn Roinne lena chinntiú go dtuigeann siad a gcuid bhuiséad. Beidh cumas i riarachán airgeadais mar chuid den cháilíocht iarchéime i gceannasaíocht acadúil.

Déanfar caighdeáin na seirbhíse airgeadais agus riar-acháin a aontú idir rannóg na gcuntas, na Cinn Dáimhe agus na Cinn Roinne.

Maidir le úsáid an spáis sa Choláiste, déanfar mion-eolas faoi chostas ábhartha an mhéadair chearnaigh de gach áis, bunaithe ar chostáil shonraithe agus fíoraithe, a thabhairt don Tascfhórsa Spáis mar chuidiú lena gcuid oibre.

Leabharlann, Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Tá ceann de mhór-chnuasaigh Eorpacha i Leabharlann CNED.

Tá na córais go léir sa leabharlann ar an ríomhaire, rud a éascaíonn teacht ar gach leabhar agus gach iris.

Tá Íomhá-Leabharlann Dhigiteach á forbairt againn i CNED agus is rann-íocóirí sinn le dhá íomhá-leabharlann idirnáisiúnta.

Déanann muid infheistíocht a dhéanamh in acmhainní leabharlainne mar thacú leis an bhfoghlaim. Déanfar acmhainní faisnéise agus leabharlainne a phlé gach bliain agus aontófar na buiséid de réir an chleachtais ard-oideachais is fearr.

Tá sé d'aidhm againn acmhainní a sholáthar do scoláirí, don fhoireann agus do thaighdeoirí.

Tá sé d'aidhm againn trealamh TEC agus trealamh ealaíne agus deartha, chomh maith le seirbhísí ábhartha do riachtanais na scoláirí, na foirne agus na dtaighdeoirí a sholáthar.

Tá na hacmhainní maidir le trealamh TEC curtha ar bharr tosaíochta i ngach roinn chun an chumais a fheabhsú ar gach leibhéal den fhoireann. Déantar faire ghéar ar an bpolasaí maidir le ghéilliúlacht do chóipc-heart na mbogearraí.

Tá sé mar uaillmhian ag an Leabharlann an acmhainn uathúil seo a chur ar fáil do gach aoinne a bhfuil gá nó riachtanas orthu maidir le foghlaim, faisnéis nó inspioráid i limistéar na healaíne agus an dearaidh.

Is cnuasach aitheanta náisiúnta atá sa Leabharlann Náisiúnta Éireannach um Ealaíon Radharcach (LNEER) agus coimeádfaidh CNED an acmhainn thábhachtach seo níos oscailte feasta don phobal i gcoitinne.

PATTI GRANTED & PENDING

Córais agus Acmhainní na hEagraíochta

Tiomsú Airgid

Tá stádas carthanach ag Cairde CNED in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá éirithe cuibheasach mhaith leo maoiniú a fháil ó fhoinsí atá neamhspleách ón stát-chiste - go háirithe ó Atlantic Philanthropies.

Tá sé i gceist ag CNED an maoiniú i gcomhair taighde a chur ar cheann tosaíochta.

Lorgóidh gach Dámh, gach Roinn agus an Coláiste féin, ag obair ar a gconlán féin, comhpháirtíocht bhreise ó thionscail atá sásta urraíocht a dhéanamh.

Déanfar staidéir ar chumais agus meicníochtaí a thacódh le tiomsú airgid.

Meicníochtaí Faireacháin agus Feidhmiúcháin.

Bunaíodh an grúpa agallaimh mar cheann de na meicníochtaí a dhéanfadh an plean straitéise seo a fhorbairt, agus déanfaidh an grúpa seo fheidhmiú an phlean straitéise a mhaoirseacht. Cuirfear le ballraíocht an ghrúpa de réir mar is gá. Beidh an Grúpa Feidhmithe Straitéise seo páirteach san athbhreithniú straitéise a dhéanfar gach Meitheamh ag chruinniú an Bhoird.

Cuirfidh an Stiúrthóir nua plean feidhmiúcháin os chomhair an Bhoird mar thacú leis an bplean seo.

Gach ceart ar chosaint.
Ní cheadmhach aon chuid
den fhoilseachán seo a
atáirgeadh, a stóráil ar
chóras aisghabhála i bhfoirm
ar bith nó trí mheán
ar bith, leictreonach, meicniúil,
fótachóipe, taifid nó eile,
gan cead roimh ré a fháil
i scríbhinn ón bhfoilsitheoir.

© Meán Fómhair 2008.
Gach ceart ar chosnamh CNED.

Dearadh agus Fótagrafaíocht:
James Cullen

–
www.ncad.ie

—
Coláiste Náisiúnta
Ealaíne is Deartha
—
100 Sráid Tomás
Baile Átha Cliath 8
—
Éire